2024/374

25.1.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/374 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Eanáir 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le teideal na gcatagóirí bia de dheochanna alcólacha agus úsáid roinnt breiseán i ndeochanna alcólacha áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta de chuid an Aontais de bhreiseáin bhia atá formheasta lena n-úsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide.

(2) Féadfar liosta an Aontais de bhreiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil.

(3) An 10 Lúnasa 2022 chuir an Pholainn iarratas isteach chun liosta an Aontais de bhreiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe, chun an sainmhíniú nua ar dheochanna alcólacha áirithe a chur san áireamh mar a thuairiscítear in Acht Dlí na Polainne an 2 Nollaig 2021 maidir le deochanna coipthe ([3]) ('Dlí na Polainne maidir le deochanna coipthe').

(4) Faoi láthair, i gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, leagtar amach, i bpointí 14.2.3 go 14.2.5 agus 14.2.8, coinníollacha úsáide maidir le deochanna coipthe áirithe, coinníollacha a tugadh isteach chun úsáid roinnt breiseán i ndeochanna alcólacha áirithe a cheadú nó a shrianadh mar a thuairiscítear i nDlí na Polainne an 12 Bealtaine 2011 maidir le táirgí fíona a mhonarú agus a bhuidéalú, maidir le táirgí den sórt sin a dháileadh agus maidir le heagrú mhargadh an fhíona ([4]). Tháinig Dlí na Polainne maidir le deochanna coipthe in ionad an Dlí sin an 12 Bealtaine 2011. Dá bhrí sin, ba cheart cuid de na hiontrálacha sin a thabhairt cothrom le dáta agus ba cheart an iontráil a bhaineann le E 353 i bpointe 14.2.8 de a scriosadh.

(5) Ní chumhdaítear na deochanna alcólacha a chumhdaítear le Dlí na Polainne maidir le deochanna coipthe le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), ós rud é nach dtagann siad faoi cheann de na catagóirí de tháirgí fíniúna a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(6) De bhun Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ní mór don Choimisiún tuairim a iarraidh ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') chun liosta an Aontais de bhreiseáin bhia a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a thabhairt cothrom le dáta, seachas i gcás nach dócha go mbeidh tionchar ag an tabhairt cothrom le dáta i gceist ar shláinte an duine. Ós rud é nach bhfágann údarú úsáide roinnt breiseán i ndeochanna alcólacha áirithe a chumhdaítear le Dlí na Polainne maidir le deochanna coipthe go mbeadh teagmháil bhreise ag an tomhaltóir leis na substaintí sin, is tabhairt cothrom le dáta é ar an liosta sin nach dócha go mbeadh tionchar aige ar shláinte an duine agus ní gá tuairim a lorg ón Údarás.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.
([3]) Dziennik Ustaw - rok 2022 poz. 24.
([4]) Dziennik Urzędowy z 2011 r. Nr 120, poz. 690.
([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347 20.12.2013, lch. 671).

(7) Sa chatagóir bhia 'Deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 110/2008' ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) i bpointe 14.2.6 i gCodanna D agus E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, maidir le húsáid na ndathanna bia a bhaineann le Grúpaí II agus III mar a liostaítear i bpointí 2 agus 3 de Chuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán céanna agus Buí Cuineoilín (E 104), Buí Oráiste (E 110), Amarantais (E 123) agus Ponsó 4R, Carnaid Dhearg A (E 124), níor cheart iad a údarú i 'vodca' chun comhsheasmhacht a áirithiú le pointe d de chatagóir 15 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), lena bhforáiltear nár cheart do vodca a bheith daite.

(8) I gCodanna D agus E de liosta an Aontais de bhreiseáin bhia, cumhdaítear leis an gcatagóir bhia i bpointe 14.2.8 deochanna alcólacha nach n-áirítear sna catagóirí i bpointí 14.2.1 go 14.2.7, lena n-áirítear deochanna alcólacha a mheasctar le deochanna neamh-mheisciúla agus biotáillí ina bhfuil níos lú ná 15 % d'alcól. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/787, beidh neart íosta alcóil 15 % ag deochanna biotáilleacha, ach amháin i gcás táirgí a chomhlíonann ceanglais chatagóir 39 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, níor cheart tagairt a dhéanamh i dteideal na catagóire bia i bpointe 14.2.8 i gCodanna D agus E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 do 'bhiotáillí ar lú ná 15 % a neart alcólach'. Chomh maith leis sin, ba cheart an téarma 'deochanna alcólacha' a úsáid in ionad '*alcoholic drinks*' agus ba cheart an téarma 'neart alcóil de réir toirte', mar a shainmhínítear in Airteagal 4(23) de Rialachán (AE) 2019/787, a úsáid in ionad an téarma 'alcól'. Dá bhrí sin, is iomchuí teideal agus iontrálacha na catagóire bia 'Deochanna alcólacha eile lena n-áirítear deochanna alcólacha a mheasctar le deochanna neamh-mheisciúla agus biotáillí ina bhfuil níos lú ná 15 % d'alcól' i bpointe 14.2.8 i gCodanna D agus E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a leasú.

(9) Modhnaíodh reachtaíocht an Aontais maidir le deochanna alcólacha áirithe a áirítear i bpointí 14.2.2, 14.2.6 agus 14.2.7 i gCodanna A, D agus E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008. Tá na rialacha is infheidhme maidir leis na deochanna alcólacha sin leagtha síos faoi láthair i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, i Rialachán (AE) 2019/787 agus i Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Ós rud é go leasaítear leis an Rialachán seo na catagóirí a thagraíonn do dheochanna alcólacha, is iomchuí ag an bpointe seo cuid de na tagairtí atá ann cheana do dhlí an Aontais a thabhairt cothrom le dáta.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a leasú dá réir sin.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

([7]) Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú táirgí fíona cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle (IO L 084, 20.3.2014, lch. 14).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(1) I gCuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha i bpointí 26 go 29 de Thábla 2:

'26	Fíon agus táirgí eile a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), mar a liostaítear iad ina Iarscríbhinn VII cuid II
27	Deochanna biotáilleacha a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, catagóirí 1-14 de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), biotáille (agus ainm an toraidh, na gcaor nó na gcnónna roimpi) a fhaightear trí mhaothú agus driogadh, agus *London gin* (Iarscríbhinn I, catagóirí 16 agus 22 den Rialachán sin, faoi seach) *Sambuca, Maraschino, Marrasquino* nó *Maraskino* agus *Mistrà* mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, catagóirí 36, 37 agus 41 de Rialachán (AE) 2019/787, faoi seach
28	*Sangria, Clarea* agus *Zurra* mar a luaitear i Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***)
29	Fínéagar fíona a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII cuid II

(*) IO L 347 20.12.2013, lch. 671.
(**) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.
(***) IO L 84 20.3.2014, lch. 14.'

(2) I gCuid D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh na gcatagóirí i bpointí 14.2.2, 14.2.6, 14.2.7 agus 14.2.8:

'14.2.2	Fíon agus táirgí eile a shainmhínítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
14.2.6	Deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/787
14.2.7	Táirgí fíona cumhraithe mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 251/2014
14.2.8	Deochanna alcólacha eile lena n-áirítear meascáin de dheochanna alcólacha le deochanna neamhalcólacha agus deochanna alcólacha eile atá bunaithe ar alcól driogtha ar lú ná 15 % a neart alcóil de réir toirte'

(3) leasaítear Cuid E mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na catagóire bia i bpointe 14.2.2 'Fíon agus táirgí eile a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, agus a macasamhlacha gan alcól':

'14.2.2	Fíon agus táirgí eile a shainmhínítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
	Údaraítear úsáid breiseán i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, Cinntí ón gComhairle maidir le comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha áirithe i ndáil le trádáil fíona agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún (*) agus a mbearta cur chun feidhme

(*) IO L 149, 7.6.2019, lch. 1.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh Ghrúpa II, Ghrúpa III, E 104, E 110, E 405, E 900, E 950, E 951, E 954, E 955, E 959, E 961, E 962, E 969 agus E 999 sa chatagóir bhia i bpointe 14.2.3:

	'Grúpa II	Dathanna ar *quantum satis*	*quantum satis*		gan *cidre bouché, cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	Grúpa III	Dathanna lena mbaineann uasteorainn chomhcheangailte	200		gan *cidre bouché, cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 104	Buí cuineoilín	25	(64)	gan *cidre bouché, cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 110	Buí Oráiste	10	(64)	gan *cidre bouché, cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 405	Ailgionáit phrópán–1,2-dé-óil	100		gan *cidre bouché, cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 900	Polaisiolocsán démheitile	10		gan *cidre bouché, cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 950	Aicéasuilféim K	350		gan *cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 951	Aspairtéim	600		gan *cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 954	Sacairín agus a shalainn Na, K agus Ca	80	(52)	gan *cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 955	Siúcralós	50		gan *cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 959	Neoiheispiridín DC	20		gan *cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 961	Neoitéim	20		gan *cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 962	Salainn aspairtéim-aicéasuilféime	350	(11)a (49)(50)	gan *cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh

	E 969	Advaintéim	6		gan *cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh
	E 999	Eastóscán *quillaia*	200	(45)	gan *cidre bouché, cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe*' a áireamh

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh Ghrúpa II, Ghrúpa III, E 104, E 110, E 124, E 160d, E 242 agus E 1105 sa chatagóir bhia i bpointe 14.2.4:

	'Grúpa II	Dathanna ar *quantum satis*	*quantum satis*		gan *wino owocowe jakościowe* a áireamh
	Grúpa III	Dathanna lena mbaineann uasteorainn chomhcheangailte	200		gan *wino owocowe jakościowe* a áireamh
	E 104	Buí cuineoilín	25	(64)	gan *wino owocowe jakościowe* a áireamh
	E 110	Buí Oráiste	10	(64)	gan *wino owocowe jakościowe* a áireamh
	E 124	Ponsó 4R, Carnaid Dhearg A	1	(61)	gan *wino owocowe jakościowe* a áireamh
	E 160d	Lícipéin	10		gan *wino owocowe jakościowe* a áireamh
	E 242	Décharbónáit démheitile	250	(24)	fíon torthaí, fíon torthaí alcól-laghdaithe agus *wino owocowe jakościowe, wino owocowe likierowe, wino owocowe aromatyzowane, wino z soku winogronowego, aromatyzowane wino z soku winogronowego, wino owocowe niskoalkoholowe* agus *aromatyzowane wino owocowe niskoalkoholowe*
	E 1105	Lísisím	*quantum satis*		*wino z soku winogronowego, aromatyzowane wino z soku winogronowego, wino owocowe niskoalkoholowe* agus *aromatyzowane wino owocowe niskoalkoholowe*', agus iad sin amháin

(d) leasaítear an chatagóir i bpointe 14.2.5 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh Ghrúpa II:

	'Grúpa II	Dathanna ar *quantum satis*	*quantum satis*		cé is moite de *miód pitny jakościowy*'

(ii) cuirtear an iontráil seo a leanas le haghaidh E 150a isteach i ndiaidh na hiontrála le haghaidh Ghrúpa II:

	‘E 150a	Gnáthcharamal	*quantum satis*		ní féidir ach E 150a atá déanta as mil a bheith i *miód pitny jakościowy* ’

(e) leasaítear an chatagóir i bpointe 14.2.6 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na catagóire bia i bpointe 14.2.6 ‘Deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 110/2008’:

‘14.2.6	Deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/787’

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh Ghrúpa II, Ghrúpa III, E 104, E 110, E 123, E 124, E 150ú-d, E 338-452, agus E 473-474 i gcatagóir bhia 14.2.6:

	‘Grúpa II	Dathanna ar *quantum satis*	*quantum satis*		cé is moite de: deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i gcatagóirí 1-17, 22, 36, 37 agus 41 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787
	Grúpa III	Dathanna lena mbaineann uasteorainn chomhcheangailte	200	(87)	cé is moite de: deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i gcatagóirí 1-17, 22, 36, 37 agus 41 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787
	E 104	Buí cuineoilín	180	(61)	cé is moite de: deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i gcatagóirí 1-17, 22, 36, 37 agus 41 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787
	E 110	Buí Oráiste	100	(61)	cé is moite de: deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i gcatagóirí 1-17, 22, 36, 37 agus 41 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787
	E 123	Amarantas	30		cé is moite de: deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i gcatagóirí 1-17, 22, 36, 37 agus 41 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787
	E 124	Ponsó 4R, Carnaid Dhearg A	170	(61)	cé is moite de: deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i gcatagóirí 1-17, 22, 36, 37 agus 41 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787
	E 150a-d	Caramail	*quantum satis*		cé is moite de: deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i gcatagóirí 15-17, 22, 36, 37 agus 41 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787 ní féidir ach E 150a a bheith i gcatagóir 2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787 ní féidir caramal a chur le catagóirí 1, 3-8, 10-14 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787 ach mar mhodh chun an dath a choigeartú

	E 338-452	Aigéad fosfarach — fosfáití — défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití	1 000	(1) (4)	cé is moite de: catagóir 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787
	E 473-474	Eistir siúcróis d'aigéid shailleacha — siúcraiglicrídí	5 000	(1)	cé is moite de: catagóir 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787'

(f) leasaítear an chatagóir i bpointe 14.2.7 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na catagóire bia i bpointe 14.2.7 'Táirgí fíona cumhraithe mar a shainmhínítear i Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91':

'14.2.7	Táirgí fíona cumhraithe mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 251/2014'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara hiontráil le haghaidh E 123 sa chatagóir bhia i bpointe 14.2.7.1:

	'E 123	Amarantas	30		greadóg de bhunadh fíona amháin'

(g) leasaítear an chatagóir i bpointe 14.2.8 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na catagóire bia i bpointe 14.2.8 'Deochanna alcólacha eile lena n-áirítear deochanna alcólacha a mheasctar le deochanna neamh-mheisciúla agus biotáillí ina bhfuil níos lú ná 15 % d'alcól':

'14.2.8	Deochanna alcólacha eile lena n-áirítear meascáin de dheochanna alcólacha le deochanna neamhalcólacha agus deochanna alcólacha eile atá bunaithe ar alcól driogtha ar lú ná 15 % a neart alcóil de réir toirte'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh Ghrúpa III, E 104, E 110, E 123, E 124, E 160b(ii), E 200-202, E 210-213, E 220-228, E 242, E405, E 432-436, E 444, E 445, E 481-482, E 952 agus E 1105:

	'Grúpa III	Dathanna lena mbaineann uasteorainn chomhchean-gailte	200	(87)	deochanna alcólacha ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 104	Buí cuineoilín	180	(61)	deochanna alcólacha ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 110	Buí Oráiste	100	(61)	deochanna alcólacha ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 123	Amarantas	30		deochanna alcólacha ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 124	Ponsó 4R, Carnaid Dhearg A	170	(61)	deochanna alcólacha ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin

	E 160b(ii)	Noirbicsin annatto	10		deochanna alcólacha ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 200-202	Aigéad sorbach – sorbáit photaisiam	200	(1) (2)	deochanna alcólacha ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 210-213	Aigéad beansóch — beansóáití	200	(1) (2)	deochanna alcólacha ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 220-228	Dé-ocsaíd sulfair — suilfítí	200	(3)	*napój winny owocowy, napój winny miodowy, aromatyzowany napój winny owocowy, aromatyzowany napój winny miodowy,* agus iad sin amháin,
	E 220-228	Dé-ocsaíd sulfair — suilfítí	20	(3)	i ndeochanna fíonchaor coipthe atá bunaithe ar úrfhíon, agus iontu amháin
	E 242	Décharbónáit démheitile	250	(24)	
	E 405	Ailgionáit phró-pán–1,2-dé-óil	100		i ndeochanna fíonchaor coipthe atá bunaithe ar úrfhíon, agus iontu amháin
	E 432-436	Polasorbáití	10	(1)	deochanna carbónáitithe amháin
	E 444	Iseabútaráit aicéatáite siúcróis	300		deochanna alcólacha modartha blaistithe ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 445	Eistir ghliocróil de roisíní adhmaid	100		deochanna alcólacha modartha blaistithe ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 481-482	Stéiril-2-lachtaláití	8 000	(1)	deochanna blaistithe ar lú ná 15 % a neart alcólach de réir toirte, agus iad sin amháin
	E 952	Aigéad cioglamach agus a shalainn Na agus Ca	250	(51)	meascáin de dheochanna alcólacha le deochanna neamhalcólacha, agus iad sin amháin
	E 1105	Lísisím	*quantum satis*		*napój winny owocowy, napój winny miodowy, aromatyzowany napój winny owocowy, aromatyzowany napój winny miodowy* agus iad sin amháin'

(iii) scriostar an iontráil le haghaidh E 353.